Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Obair gan Bhac Cód Cleachtais maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú

**An Roinn Acmhainní Daonna**

Is cuid den Lámhleabhar d'Fhostaithe é an doiciméad seo



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City

## Clár


**1.0 Reamhráleia an gcód cleachtais** 03

**2.0 2.0 Earacíocht agus forbairt gairms** 04

- **2.1** Earcaíocht
- **2.2** Forbairt gairme

**3.0 Míchumas a nochtadh** 05

**4.0 'Cóiríocht réasúnach – tacúle fostaithe** 05

**5.0 Nósanna imeachta in aslonnú** 06

**6.0 Plean gníomhaíochta** 06

**7.0 An cód cleachtais a chuir I bhfeidhm agus monatóirecht a dhéanamh air** 10

**8.0 Aguisíní** 10

- **8.1** Faisnéis dhlíthiúil iomchuí agus sainmhínithe ar mhíchumas
- **8.2** Ceisteanna Coitianta
- **8.3** Teicneolaíocht agus an t-ionad oibre a chur in oiriúint
- **8.4** Déan agus ná déan

**9.0 Teaghmhálacha úsáideacha** 14






## 1.0 Réamhráan gcód cleachtais

Anseo i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath déanaimid timpeallacht chuim-sitheach oibre a chothabháil agus a chur chun cinn ionas go mbraithfidh ár bhfos- taithe, bíodh siad faoi mhíchumas nó ná bíodh, go bhfuil meas againn orthu agus go gcaithimid go cothrom leo.

Taispeánann an taighde gur mar dhaoine fásta a fhágtar ceathrar as gach cúigear faoi mhíchumas.

Is Cód Cleachtais é 'Obair gan bhac' atá deartha go cúramach againn le bheith

Cuireann sé leis an dul chun cinn suntasach atá déanta againn chun tacú le fostaithe faoi mhíchumas. Tá cur síos ann chomh maith ar na próisis atá curtha i bhfeidhm againn chun freastal ar riachtanais éagsúla ár bhfostaithe.

Tá tiomantais na heagraíochta seo i leith gach duine dínn sa Chód Cleachtais seo. Tá súil agam go gcuirfidh an t-eolas atá sa doiciméad seo leis an mbealach ina mbímid i mbun caidrimh lenár gcomhghleacaithe oibre go laethúil.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do na daoine sin go léir a thug cúnamh dúinn chun an Cód Cleachtais leasaithe seo a chur i dtoll a chéile. Cuireadh 'Obair gan bhac' le chéile ar bhonn comhpháirtíochta agus baineadh an-tairbhe as an ionchur a bhí ag na fostaithe, ag na ceardchumainn agus ag an mbainistíocht chomh maith leis an saineolas agus an taithí a bhí ag an sárghrúpa fócais. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine sin a bhí bainteach leis an tionscadal as an am agus na hacmhainní a chaith siad leis.

Comhlíonann an Cód Cleachtais seo iad seo a leanas:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 – 2008;
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2008;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 200; agus
- An tAcht um Míchumas 2005



**Mary Pyne**
Ceannasaí Acmhainní
Daonna agus
Seirbhísí Corparáide

## 2.0 Forbairt earcaíochta agus garime

### 2.1 Earcaíocht

Tá beartas oscailte follasach earcaíochta i bhfeidhm i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhaineann leis na daoine sin atá nó nach bhfuil faoi mhíchumas.

Earcaímid daoine:

- ag a bhfuil na cáilíochtaí atá riachtanach don phost; agus
- a bhfuil ar a gcumas feidhmeanna lárnacha an phoist a chomhlíonadh.

Iarraimid ar iarratasóirí, sna foirmeacha iarratais uile do phoist, an measann siad go bhfuil siad faoi mhíchumas. Iarraimid orthu freisin más gá aon chóiríocht réasúnach a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh ar a gcumas páirt a ghlacadh sa phróiseas roghnúcháin agus agallaimh.

Cuirtear oiliúint ar bhaill ár mbord agallaimh i gcúrsaí míchumais agus i bhfeasacht chomhionannais.

Déanaimid cinnte go gcasann aon iarratasóir ar éirigh leis nó léi post a fháil linne, agus atá faoi mhíchumas, leis an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agust Oigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas chun aghaidh a thabhairt ar údair imní ar bith a d'fhéadfadh a bheith aige nó aici faoina cheapachán nó faoina ceapachán nua.

D'éirigh go maith leis seo roimhe seo chun cinntiú go mbeadh aon tacaí nó aon chineálacha eile de chóiríocht réasúnach i bhfeidhm sula dtosódh an fostaí nua ar an obair.

Fágann sé sin go measann ár bhfostaithe nua go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus go bhfuil meas orthu.

Casann an tOifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe /Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas le gach fostaí nua ceaptha atá faoi mhíchumas agus lena bhainisteoir le athbhreithniú 12 mí a dhéanamh ar aon cóiríocht réasúnach a iarrtar nóa sholáthraítear a athbhreithniú.

### 2.2 Forbairt gairme

Soláthraímid raon leathan de chúrsaí oiliúna dár bhfostaithe uile chun cabhrú leo a ngairmeacha a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh iontu.

Nuair a iarrfar sin, soláthróimid aon chóiríocht réasúnach a bheidh riachtanach chun freastal ar chúrsaí oiliúna dár bhfostaithe uile. Mar shampla, le blianta beaga anuas shocraigh líon áirithe fostaithe faoi mhíchumas céadfach tabhairt faoin gCeadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí – bunoiliúint sa ríomhaireacht (oiliúint ECDL). D'eagraíomar seisiúin duine le duine leis an soláthróir oiliúna ECDL chun cinntiú go gcomhlíonfaí riachtanais na rannpháirtithe seo go hiomlán.





## 3.0 Míchumas a nochtadh

Is féidir leis an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas freisin comhairle agus tacaíocht maidir leis an gCód Cleachtais seo a thabhairt i gcónaí d'fhostaithe atá nó nach bhfuil faoi mhíchumas

Aithnímid gur ceist leochaileach í a thabhairt le fios do dhaoine go bhfuil tú faoi mhíchumas. Tá súil againn go spreagann an timpeallacht chuimsitheach oibre atá sa Chomhairle fostaithe atá faoi mhíchumas nó fostaithe ar éirigh míchumas dóibh an méid sin a thabhairt le fios dúinn faoi mhodh rúin – bíodh an dá mbainisteoir nó don Bhainisteoir Acmhainní Daonna, nó don bheirt a chuireann siad in iúl é.

Nuair a thugann fostaí an t-eolas sin dúinn, caithfidh a mbainisteoir leis mar eolas faoi rún agus ar bhealach deimhneach tacúil.

Nuair a insíonn fostaí dúinn go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas, tugann sé deis dúinn a chinntiú go soláthróimid aon taca nó aon chóiríocht réasúnach
a bheadh ag teastáil.

A thúisce is a inseoidh fostaí dá bhainisteoir nó dá bainisteoir go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas, iarrfaidh an bainisteoir ar an duine sin an gceapann sé nó sí go rachadh sé chun tairbhe dó nó di a insint do na comhghleacaithe go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas.

Déantar é sin mar go bhféadfadh gur ghá do dhuine an sceidil oibre nó an dualgas oibre a athrú mar gheall ar an míchumas agus is minic gur fearr an chúis atá leis na cineálacha cóiríochta sin a insint dá gcomhghleacaithe oibre.

Seans go dtabharfaidh comhghleacaithe níos mó tacaíochta don fhostaí má bhíonn siad ar an eolas agus tugtha isteach sa phróiseas. Ach is faoin bhfostaí féin a bheidh sé, áfach, cinneadh a dhéanamh cibé an mian nó nach mian leis nó léi
an míchumas a nochtadh do na comhghleacaithe. Ní dhéanfaimid aon bheart
mura dtoileoidh an fostaí leis

## 4.0 'Cóiríocht réasúnach'
## – Tacú le fosaithe

Má bhíonn duine faoi mhíchumas ní gá go gcuirfeadh sé sin isteach ar chumas an duine sin an obair a dhéanamh. D'ainneoin sin d'fhéadfadh gur ghá 'cineálacha de chóiríocht réasúnach' a dhéanamh d'fhostaithe faoi mhíchumas ionas go mbeadh siad ábalta a gcuid oibre a dhéanamh go barr a gcumais.

Tá dualgas cúraim orainn i leith ár bhfostaithe uile





agus soláthróimid, má iarrtar sin agus más féidir é, cóiríocht réasúnach i gcónaí. Is samplaí iad seo a leanas a áirítear mar chóiríocht réasúnach:

- uaireanta oibre solúbtha;
- athruithe ar dhualgais oibre nó teicneolaíocht chúnta (teicneolaíocht a chuidíonn le daoine a gcuid oibre a dhéanamh).

Is féidir linn, nuair is gá, na nithe seo a leanas a chur ar fáil d'fhostaithe:

- athstruchtúrú ar an bpost;
- athoiliúint;
- athlonnú.

Tá liosta samplach de chineálacha eile de chóiríocht réasúnach le fáil i **Mír 8.2** ar leathanaigh 14.

Ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de réir an dlí, murar rud é go gcuirfí ualach díréireach ar an eagraíocht, cibé ní is gá a dhéanamh ionas go mbeadh fostaí faoi mhíchumas ábalta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- páirt a ghlacadh i bhfostaíocht;
- dul chun cinn a dhéanamh agus dul faoi oiliúint.

Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 déantar idirdhealú san earcaíocht, san fhostaíocht agus san oiliúint a thoirmeasc ar naoi bhforas lena n-áirítear foras an mhíchumais. Tugtar sainmhíniú leathan ar mhíchumas agus áirítear leis míchumas fisiceach, cognaíoch, mothúchánach agus intleachta agus raon leathan riochtaí sláinte. Tá tuilleadh eolais ar an Dlí um Chomhionannas Fos- taíochta le fáil ar: **www.equality.ie** agus i Mír 8.1 faoi Eolas Dlíthiúil Iomchuí agus sainmhínithe ar mhíchumas leathanach 10 den doiciméad seo.

Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, is gá d'fhostóirí cóiríocht réasúnach a sholáthar ionas go mbeadh ar chumas fostaithe nó fostaithe ioncha- sacha faoi mhíchumas a gcuid oibre a dhéanamh.

Nuair a fhilleann fostaí dá n-éiríonn míchumas (ar a nglaoitear 'míchumas faighte' uaireanta) ar an obair, ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
de réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta na bearta riachtanacha a ghlacadh chun cuidiú leis an bhfostaí socrú isteach an athuair san ionad oibre agus a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh.

Áirítear le roinnt samplaí eile de chineálacha de chóiríocht réasúnach an t-ionad oibre a chur in oiriúint chun freastal ar dhuine faoi mhíchumas nuair a fhilleann an duine ar an obair. Áirítear leis sin na nithe seo a leanas a athrú:

- an t-áitreabh;
- trealamh;
- patrúin na n-uaireanta oibre agus dáileadh na dtascanna.

Áirítear oiliúint a sholáthar leis freisin. Ní cheanglaíonn an dlí ar fhostóirí, áfach, aon chóireáil, áis ná rud a sholáthar a bhféadfadh an duine féin é a sholáthar
sa ghnáthchúrsa nó le réasún dó féin nó di féin le linn dó nó di a bheith i mbun gnáthchúrsaí an lae, áiseanna éisteachta, mar shampla.

Tá dualgas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cúram a ghlacadh dár bh- fostaithe uile agus cuirfimid cóiríocht réasúnach ar fáil más féidir é d'aon fhostaí a bheidh ina call chun a phost nó a post a dhéanamh go barr cumais. Ar a uain iarraimid ar na fostaithe uile na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- iarracht a dhéanamh a ndícheall a dhéanamh chomh maith is atá ar a gcumas;
- meas a bheith acu ar dhaoine eile agus ár mbeartais maidir le





sábháilteacht, sláinte agus leas ár bhfostaithe uile a chomhlíonadh.

Má tá cóiríocht réasúnach curtha ar fáil againn, ach gur ann do dheacrachtaí oibre fós, b'fhéidir gur ghá dúinn féachaint ar roghanna eile ach dul chun cainte leo seo:

- an fostaí;
- an bainisteoir line;
- an Roinn Acmhainní Daonna, más gá, agus an t-ionadaí Ceardchumainn nó an t-oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (más cuí).

## 5.0 Nósanna imeachta in aslonnú

B'fhéidir go mbeadh imní faoi leith ar fhostaithe faoi mhíchumas faoin gcaoi a bhféadfaidís imeacht amach as foirgneamh dá mbeadh éigeandáil ann. Is gá dúinn fios a bheith againn céard iad na húdair imní atá acu agus bealaí le déileáil leo a chur i bhfeidhm.

B'fhéidir, mar shampla, go mbainfeadh deacrachtaí faoi leith le haslonnú fostaithe ag a mbeadh deacrachtaí soghluaisteachta mura bhféadfaí ardaitheoirí a úsáid i roinnt cásanna éigeandála. Idir an dá linn, b'fhéidir gur ghá d'fhostaithe ag a mbeadh deacrachtaí éisteachta córas a bheith ann a chinnteodh go gcuirfí ar an airdeall iad nuair a thabharfaí fógra rabhaidh i gcás éigeandála.

Buailfidh bainisteoirí líne leis na fostaithe ina réimse féin a mbeidh riachta- nais shonracha acu i ndáil le haslonnú. Oibreoidh siad amach, i gcomhairle le hOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne agus le haon daoine eile a bheidh i gceist, cén chaoi is fearr le freastal ar na riachtanais sin.

Má bhíonn aon riachtanais cóiríochta réasúnaí ag fostaithe, riachtanais ar ghá aghaidh a thabhairt orthu ionas go mbeadh ar chumas na bhfostaithe imeacht amach as an bhfoirgneamh go sábháilte i gcás éigeandála, ní mór dóibh na ri- achtanais sin a insint dá mbainisteoir líne.

Déanaimid socruithe d'aon fhostaí faoi mhíchumas go mbeidh Plean Aslonnaithe Pearsanta i gCás Éigeandála (PEEP) aige nó aici. Ba cheart do na bainisteoirí líne na socruithe cuí a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh fostaithe faoi mhíchumas san áireamh i gcónaí i ndruileanna aslonnaithe agus go ndéanfar aon socrú atá de dhíth chun fostaithe a aslonnú a thástáil go hiomlán agus a úsáid i gcás gach druile.

## 6.0 Plean gníomhaíochta

### i. Fógraí poist

Athbhreithneoidh an t Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas na nithe seo go léir go rialta:



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City Council

- fógraí;
- sonraí poist;
- sonraíochtaí faoin duine;agus
- foirmeacha iarratais.

### ii. Formáidí inrochtana

Nuair a iarrfar sin orainn, cuirfimid faisnéis ar fáil i bhformáidí inrochtana i ndáil le:

- foirmeacha iarratais; agus
- sonraí poist;

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City Council

### iii. Comhdheiseanna

Bíonn an ráiteas "Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath" ag gabháil le gach post a fhógraímid.

### iv. An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Féachfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, agus í ag gníomhú thar ár gceann, don Chód Cleachtais seo.

### v. Fostaithe nua

Tabharfaidh Rannóg Pleanála an Líon Lucht Oibre agus Earcaíochta fógra don Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe atá againn ag céimeanna iomchuí den earcaíocht maidir le haon fhostaí nua a bheidh faoi mhíchumas, ionas go bhféadfaimid na tacaí riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm.

### vi. An sprioc 3% maidir le fostú daoine faoi mhíchumas

Cuirfimid na fostaithe uile ar an eolas faoin sprioc 3% maidir le fostú daoine faoi mhíchumas.

### vii. Faisnéis a thabhairt i dtaobh an Chóid Chleachtais

Tabharfaidh an t-oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe faoi Mhíchumas faisnéis don ionadaí ó Acmhainní Daonna ag na cruin- nithe líonra ar a iarraidh sin air nó uirthi.

### viii. Athbhreithniú ar an gCód Cleachtaisce

Aan t-oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe an dul chun cinn a bheidh déanta ar an bPlean Gníomhaíochta seo.

## 7.0 An cod clachtais a chur I bhfeidhm agus monatóirecht a dhéanamh air

Tá a gcion féin le déanamh ag na fostaithe uile i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an Cód Cleachtais seo a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, ach tá freagracht faoi leith ar bhainisteoirí a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais an Chóid.

Ina theannta sin, athbhreithneoidh ár nOifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe an Cód de réir is gá.

## 8.0 Aguisíní

### 8.1 Faisnéis dhlíthiúil iomchuí agus sainmhínithe ar mhíchumas

**Sainmhíniú ar mhíchumas**
**Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2008**
Sa mhír ar 'Chóiríocht réasúnach', tagraíonn an reachtaíocht d'oibleagáid an fhostóra i leith fostaithe faoi mhíchumas. Tugtar an sainmhíniú seo ar mhíchumas faoi Chuid 1 Alt 2(1) de na hAchtanna um Chomhionannas:

"(a) feidhmeanna coirp nó meabhrach duine a bheith in easnamh go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear cuid de chorp duine a bheith in easnamh
(b) orgánaigh atá nó is dóigh a bheidh ina dtrúig ghalair nó thinnis ainsealaigh a bheith sa chorp;
(c) mífheidhmiú, anchuma nó máchailiú cuid de chorp duine;
(d) riocht nó mífheidhmiú ar a bhfuil de thoradh go bhfoghlaimíonn duine ar shlí éagsúil le duine nach bhfuil an riocht nó an mífheidhmiú air nó uirthi;
(e) riocht, galar nó tinneas a fhearann ar phróisis smaointe duine, ar aireachtáil na réaltachta ag duine, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas duine, nó a bhfuil iompar suaite de thoradh air, agus measfar go bhfolaíonn sé míchumas atá ann faoi láthair, a bhí ann cheana ach nach bhfuil ann a thuilleadh, nó a fhéadfaidh a bheith ann amach anseo, nó a chuirtear i leith duine."

**Cóiríocht réasúnach**
**Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 – 2008 Alt 16**

**An tAcht um Míchumas 2005 – Cuid 5 – Alt 47 (1) a**
Ceanglaíonn Alt 47 (1) a den Acht um Míchumas ar chomhlachtaí poiblí, a mhéid is indéanta, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis.

**An sprioc 3% a chomhlíonadh**
**An tAcht um Míchumas 2005 Cuid 5 Alt 47**
Mura mbíonn cúiseanna maithe acu lena mhalairt, ní mór gur daoine faoi mhíchumas iad 3% de na fostaithe a fhostaíonn comhlachtaí poiblí.

**Tuarascáil ar chomhlíonadh na sprice 3% - An tAcht um Míchumas 2005 Cuid 5 Alt 48**
Is gá do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fios a bheith aici cén líon dá fostaithe atá faoi mhíchumas ionas gur féidir léi comhlíonadh na sprice 3% a thuairisciú. Is iad na fostaithe seo a fholaítear leis an sainmhíniú a thugtar faoi Chuid 1 Alt 2 (1) den Acht um Míchumas 2005 atá i gceist leis an sprioc 3%:

"Ciallaíonn 'míchumas', i ndáil le duine, sriantacht shubstaintiúil maidir le cumas duine chun gairm, gnó nó slí bheatha a sheoladh sa Stát nó páirt a ghlacadh i saol sóisialach nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar mhallachar marthanach coirp, céadfa, meabhair-shláinte nó intleachta".

**An dáta chun comhlíonadh na sprice 3% a thuairisciú An tAcht um Míchumas 2005 Cuid 5 Alt 48**
Ní mór do chomhlachtaí poiblí tuairisciú gach bliain faoin 31 Márta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí seo. Tuairiscíonn siad chuig na Coistí Monatóireachta reachtúla ina máthair-Roinn.

Scríobhann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuarascáil bhliantúil a chuireann sí faoi bhráid a Coiste Monatóireachta sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cuirtear isteach an tuarascáil seo faoin 31 Márta gach bliain agus ní mór an bhliain féilire roimhe sin a chlúdach. Sa tuarascáil:t

- tugtar sonraí faoin líon daoine faoi mhíchumas a bhíonn fostaithe ag Comhair- le Cathrach Bhaile Átha Cliath; agus
- tugtar cuntas ar aon bheartais, cláir nó nósanna imeachta arna seoladh ag an eagraíocht chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leo.





Déantar an fhaisnéis go léir maidir le stádas míchumais a bhailítear le haghaidh na tuarascála seo a rangú amhail 'sonraí pearsanta atá íogair' faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Coinnítear faoi rún í agus stóráiltear go daingean í agus ní bhíonn rochtain uirthi ach ag fostaithe na hOifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe.

Cuirfear na fostaithe seo a leanas san áireamh sa tuairisc staidrimh bhliantúil:

- ball foirne nach bhfuil foirm shuirbhé seolta ar ais aige/aici atá liostaithe mar dhuine faoi mhíchumas agus go bhfuil cóiriocht réasúnta shubstaintiúil acu

### 8.2 Ceisteanna Coitianta

**C. Céard iad na roghanna a bheidh ann domsa má éiríonn míchumas dom?**

**F.** Má éiríonn míchumas duit nó má tá míchumas ort a éiríonn níos measa, breath nóimid ar na

cineálacha uile de chóiríocht réasúnach agus déanfaimid ár ndí cheall chun cinntiú gur féidir leat fanacht i bhfostaíocht. Áirítear leis sin iad seo a sholáthar:

- trealamh;
- teicneolaíocht chúnta (teicneolaíocht a chuidíonn le duine faoi mhíchumas a chuid nó a cuid oibre a dhéanamh – Féach Lch 22 - 23 Aguisín 1.3); agus
- athstruchtúrú a dhéanamh ar an bpost, b'fhéidir.

Má tá cóiríocht réasúnach curtha ar fáil againn, ach go mbíonn deacrachtaí leis an obair fós, b'fhéidir gur ghá dúinn féachaint ar roghanna eile ach dul chun cainte:

- leat féin;
- le do bhainisteoir line;
- leis an Roinn Acmhainní Daonna, más gá;agus
- le d'ionadaí ceardchumainn nó le d'oifigeach ceardchumainn (más cuí).

**C. Agus mé i mo bhainisteoir, céard a dhéanfainn sna cásanna seo: Dá gceapfaí fostaí faoi mhíchumas mar bhall de m'fhoireann? nó dá n-éireodh míchumas do bhall de m'fhoireann?**

**F.** Bíonn céimeanna agus cineálacha éagsúla míchumais ann. D'fhéadfadh nach gcuirfeadh roinnt cineálacha míchumais isteach ar bhealach ar bith ar chumas





duine an obair a dhéanamh ach d'fhéadfadh gur ghá duit cineál éigin cóiríochta a dhéanamh i gcomhair cineálacha eile.

**Cumarsáid**
Tá dea-chumarsáid fíorthábhachtach chun réiteach a fháil ar fhormhór na ndeacrachtaí. Is minic gurb é an duine faoi mhíchumas an té is fearr a bhféadfaí ceist a chur air nó uirthi faoina mbíonn ag teastáil.

**Tuairim Chúramóir Leighis**
Mar sin féin, tharlódh sé in amanna gur ghá duit tuairim chúramóir leighis a fháil. Más gá, ba cheart duit dul i gcomhairle leis an Rannóg Acmhainní Daonna.

**Seirbhís Tacaíochta Foirne**
I do cháil mar bhainisteoir ba cheart duit na fostóirí go léir a chur ar an eolas go bhfuil Seirbhís Tacaíochta Foirne ann ar féidir léi seirbhís tacaíochta ghairmiúil ghearrthéarmach a thairiscint don fhostaí.

**An Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe**

Bíonn teach tar an Oigig Comhionaannais I gcónaífreisin chun tacaíocht agus comhairle a thairiscint do bhainisteoiríagus do dhaoine aonair araon.

**Bíonn bainisteoirí áitiúla freagrach**
Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, bíonn na daoine sin a bhíonn i gceannas ar an ionad oibre, amhail bainisteoirí áitiúla líne, freagrach as bainistíocht sláinte agus sábháilteachta na bhfostaithe agus na n-ionad oibre go léir a bhíonn faoina sainchúram. Áirítear fostaithe faoi mhíchumas leo sin.

Ní gór do bhainisteoirí líne a chinntiú:

- go ndéantar na priacail sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus a rialú go leormhaith;
- gur ann do phlean trína gcinntítear go gcomhlíontar na caighdeáin I árnacha sábháilteachta agus sláinte ina Rannóg.

**Priacal shonrach do dhaoine faoi mhíchumas**

Nuair a cheaptar fostaí faoi mhíchumas i roinn, ba cheart go n-eagródh an bhainistíocht áitiúil measúnú priacail a bheadh sainiúil don láthair. Má thaispeántar sa mheasúnú gur gá aon ní a athrú, ní mór don bhainistíocht áitiúil a chinntiú go ndéanfar na hathruithe sin. Is dea-chleachtas é dul i gcomhairle leis an bhfostaí faoi mhíchumas le linn don mheasúnú priacail seo a bheith á scríobh.

C. Cén ról a bhíonn ag an Aonad Rochtana?

**F.** Mar a chuirtear síos air san Acht um

Míchumas, 2005, is é sainchúram an Aonaid Rochtana:

"..soláthar cúnaimh agus treorach a chur chun cinn maidir le daoine faoi

mhíchu- mas ó thaobh rochtain a fháil ar Sheirbhísí (Seirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) nó socrú a dhéanamh don chun chur cinn agus é a chomhordú".

Áirítear rochtain orthu seo leis an rochtain sin:

- bóithre;
- páirceanna; agus
- foirgnimh phoiblí.



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City Council

airítear seirbhísí a sholáthar leis freisin.

Déanann an tAonad Rochtana an méid seo a leanas freisin:

- cuireann sé daoine ar an eolas faoi shaincheisteanna míchumais agus cabhraíonn sé le daoine tuiscint níos fearr a bheith acu ar na saincheisteanna sin
- comhordaíonn sé an oiliúint i bhfeasacht mhíchumais.

Bainistíonn an tAonad Rochtana an suíomh gréasáin

idirghníomhach **www.accessdublin.ie** lena n-áirítear

Eolaire Gnó ina dtugtar eolas don phobal
faoi bhealaí rochtana ar áitribh éagsúla sa chathair.

**C. Cén ról a bhíonn ag an tSeirbhís Tacaíochta Foirne?**

**F.** Cuireann an tSeirbhís Tacaíochta Foirne seirbhís eolais, comhairle agus com hairleoireachta ar fáil go gearrthéarmach d'fhostaithe uile Chomhairle Cath
rach Bhaile Átha Cliath. Is seirbhís í nach mór coinne a dhéanamh lena haghaidh agus déileálann sí le raon de shaincheisteanna oibre agus pearsanta cosúil leis na saincheisteanna seo a leanas:

- imní faoi chúrsaí airgeadais;
- cliseadh caidrimh;
- taismí san ionad oibre;agus
- agóidí ag an obair.

**C. Céard iad na beartais agus na nósanna imeachta iomchuí eile a bhaineann le fostaithe faoi mhíchumas?**

**F.** Tugtar cuid de na beartais agus de na nósanna imeachta is iomchuí anseo thíos:

- 'An beartas bainistíochta comhionannais agus inchineálachta'
- 'Bartas agus nósanna imeachta ar dhínit ag an obair'
- 'Lámhleabhar sábháilteachta d'fhostaithe'
- 'Nósanna imeachta don aslonnú i gcás dóiteáin agus éigeandála'
- 'pPeananna aslonnaithe pearsanta i gcás éigeandála'
- *'Access with attitude'* – lámhleabhar feasachta míchumais d'fhostaithe Leabhar- lanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath

**C. Cé a bhíonn freagrach as teicneolaíocht chúnta a chur ar fáil nuair a bhíonn gá léi?**

**F.** Is í do Roinn nó do Rannóg a bhíonn freagrach as teicneolaíocht chúnta a chur ar fáil. Cé gur féidir i gcónaí comhairle a iarraidh ar an





## 8.2 Teicneolaíocht agus an t-ionad oibre a chur in oiriúint- samplaí

Is samplaí iad seo ina dhiaidh seo de theicneolaíocht chabhrach agus d'athruithe san ionad oibre is féidir a dhéanamh chun an t-ionad oibre a chur in oiriúint do riachtanais duine faoi mhíchumas.

| **Cineál míchumais** | **Teicneolaíocht nóoriiúnu** |
|---|---|
| **Dall nó lagamharc** | **JAWS –** Pacáiste bogearraí ríomhaireachta a léann an scríbhneoireacht ar an scáileán.<br>**Formáidí malartacha –** Doiciméid bheartais a chur ar fáil i bhformáidí malartacha amhail:<br>• cló mór;<br>• cló ardchodarsnachta;<br>• Braille. |
| **Disléicse** | **Bogearraí le gníomhachtú gutha –** Úsáideann bogearraí cúnta le gníomhachtú gutha aithint chainte chun gur féidir leis an duine a bhíonn á úsáid:<br>• doiciméid agus ríomhphoist a chruthú;<br>• foirmeacha a líonadh; agus<br>• tascanna I sreabhadg na hoibre a chuíchóiriútríd an gcaint. |
| **Saincheisteanna soghlu- aisteachta nó sainche- isteanna a bhaineann le heirgeanamaíocht an spáis oifige a dhéanann difear don duine faoi mhíchumas** | **Measúnú eirgeanamaíochta –** An eirgeanamaíocht a mheas chun stáisiúin oibre a oiriúnú. |
| **Bodhar nó deacrachtaí éisteachta** | **Ateangairí –** Ateangairí le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar le haghaidh cruinnithe agus agallamh.<br>**Foláirimh –** Deaf AlerterR. Píosa de threalamh teicneolaíochta is ea é seo ar féidir é a sholáthar d'fhostaithe Bodhra nó a mbíonn deacrachtaí éisteachta ar fhaitíos gur ghá aslonnú i gcás dóiteáin nó nuair a bhíonn druil dóiteáin ann.<br>**Fóin –** Fóin a sholáthar ina mbeadh solas ag scairteadh agus rialú airde. |

**Tá seirbhísí na hOifige Comhionannais ar fáil freisin d'fhostaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil:** cúnamh speisialta chun foirmeacha iarratais a chomhlánú; nó tacaíocht duine le duine chun ullmhú le haghaidh agallaimh

Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe fao in áit as ar féidir an trealamh a fháil, is ar do Roinn nó ar do Rannóg atá an fhrea gracht trealamh a fháil agus aon chostas airgeadais a ghlanadh.



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Dublin City Council

## 8.3 Déan agus ná dean

Go ginearálta, moltar do na fostaithe go léir a bheith foighneach, tacúil, gan a bheith docht daingean, agus an t-am a thógáil i gcónaí le daoine a thuiscint agus a chinntiú go dtuigeann daoine eile iadsan.

**Déan**

**Déan tabhair tosaíocht do dhaoine**
Bíodh tosaíocht do dhaoine le tuiscint as an gcaint ionas nach de réir a mhíchumais a thabharfar cur síos ar an duine faoi mhíchumas. Mar shampla: bíodh do thagairt mar seo:

- duine a bhfuil deacrachtaí foghlama aige nó aici;
- cuine atá **i gcathaoir rothaí.**

**DÉan iarr i dtosach**
Iarr agus ná glac leis go dteastaíonn cabhair ó dhuine nó go mbíonn duine ag iarraidh cabhrach fiú má bhíonn an chosúlacht air go mbíonn an tsoghluaisteacht ag tabhairt dóthain le déanamh dó nó di.

**Déan bí tuisceanach i dtaobh spás pearsanta duine**
Breathnaigh ar an gcathaoir rothaí nó ar aon áis soghlu-aisteachta eile mar chuid de spás pearsanta an té a bhíonn á húsáid. Ná lig do mheáchan uirthi agus ná brúigh í mura n-iarrtar ort sin a dhéanamh.

**Déan labhair le duine ag leibhéal na súl**
Crom síos nó teann isteach do chathaoir ionas gur féidir leat labhairt le duine atá i gcathaoir rothaí ag leibhéal a shúl nó a súl. Beidh sé sin níos éasca ar an muineál agus níos tuisceanaí don chás.

**Déan sí soiléir i do chuid cainte**
Má bhíonn tú ag imeacht ó dhuine atá dall nó ar lagamharc in am ar bith tabhair an méid sin le fios ionas nach mbeidh sé nó sí fágtha ansin agus gan aird ag aon duine air nó uirthi.

**Déan má hathraigh do ghlór**
Nuair a bhíonn tú ag caint le duine atá Bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta aige nó aici labhair mar a labhrófá de ghnáth, go soiléir gan do ghlór a athrú, agus úsáid peann agus páipéar, más gá, chun cuidiú leat sa chumarsáid.

Nuair a bhíonn tú ag caint breathnaigh go díreach ar an duine chun go mbeidh sé nó sí ábalta do ghotha gnúise a thabhairt faoi deara agus do bheola a léamh, más gá.

Má tá comhghleacaí leat Bodhar nó má tá deacrachtaí éisteachta aige nó aici, fiafraigh den duine sin ar mhaith leis nó léi go dtógfá nótaí ag cruinnithe foirne ionas go mbeidh sé nó sí ar an eolas faoin méid a bheidh á rá.

**Déan tóg d'am**
Má tá míchumas intleachta ag comhghleacaí leat, tóg d'am nuair a bhíonn tú ag míniú taisc dó nó di. Bíodh do chuid cainte soiléir agus simplí agus bí réidh le céimeanna an taisc a rá agus a athrá chun cinntiú go dtuigfidh sé nó sí go soiléir cad a bheidh le déanamh.

**Ná Déan**

**Ná tarraing aird mhadraí treorach óna ngnó**
Ná tarraing aird mhadra treorach óna ghnó agus ná leag lámh ar mhadra treorach gan cead a iarraidh ar a úinéir ar dtús.
Ainmhí oibre é an madra treorach; ní peata é.

**Ná dearmad rud a iarraidh i dtosach**
Ná féach le duine atá dall nó ar lagamharc a threorú gan fiafraí dó nó di i dtosach an bhfuil a leithéid sin de chabhair ag teastáil.

**Ná déan beagchúram de dhuine**
Ná déan beagchúram de dhuine, a bheith ag labhairt leis an ateangaire le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann seachas labhairt leis féin nó léi féin, mar shampla. Is chun a bheith ag aistriú a bhíonn an t-ateangaire le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ar an láthair.

**Ná cuir isteach ar dhuine agus é nó í ag caint**
Má tá stad sa chaint ag duine, ná déan aon iarracht na habairtí a chríochnú dó nó di.

**Ná hardaigh do ghlór**
Má tá duine Bodhar nó má tá deacrachtaí éisteachta aige nó aici:

- ná labhair amach go har;d
- ná tarraing amach d'fhocail an iomarca;
- ná hiompaigh d'aghaidh uaidh nó uaithi nuair a bhíonn tú ag caint.

**Ná bí mífhoighneach**
Má tá míchumas intleachta ar chomhghleacaí, ná bí bear- ránach ná mífhoighneach leis nó léi agus ná deifrigh leis an tasc a bhfuil tú ag iarraidh ar an duine sin é a dhéanamh agus tú ag glacadh leis go dtuigfidh sé nó sí an méid a bheidh á iarraidh agat air nó uirthi.

| 9.0 Teagmhálacha inmheánacha agus gniomhaireachtai eile | |
|---|---|
| **Seoladh** | **Teagmháil** |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**<br>Oifigeach do Chomhionannas, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas<br>An Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe<br>Bloc 3, Urlár 1 Oifigí na Cathrach An Ché Adhmaid Baile Átha Cliath 8<br><br>Má tá eolas uait i dtaobh doiciméid a chur ar fáil i bhformáidí inrochtana téigh i dteagmháil leis an Oifig Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. | **Teil** (01) 222 3136<br><br>**Ríomhphost** lorraine.glynn@dublincity.ie |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** Seirbhísí Tacaíochta Foirne Bunurlár Cúirt na Marascalachta Cé na gCeannaithe Baile Átha Cliath 8 | **Tel** (01) 222 5140 |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**<br>An Oifig Rochtana Roinn Plenaála agus forbartha maoine<br>RiaúTógála<br>Oifigí na Cathrach An Ché Adhmaid Baile Átha Cliath 8 | **Teil** (01) 222 3126<br>**Ríomhphost**<br>pat.nestor@dublincity.ie |
| **Oifig Brainse IMPACT**<br>Cúirt Mhic an Airchinnigh<br>Baile Átha Cliath 1 | **Teil** (01) 222 2832<br>**Ríomhphost**<br>impact@dublincity.ie |
| **TEEU**<br>5 Rae Cavendish<br>Baile Átha Cliath 1 | **Teil** (01) 874 7048<br>**Ríomhphost** finbarr5@indigo.ie |
| **FÓRSA**<br>Fostaithe municipal<br>Cúirt Nerney<br>Baile Átha Cliath 1 | **Teil** (01) 817 1550<br>**Ríomhphost** info@forsa.ie |
| **SIPTU**<br>Urlár 3<br>Brainse an Údaráis Áitiúil Halla na Saoirse<br>Baile Átha Cliath 1 | **Teil** (01) 858 6491/087 2341601<br>**Ríomhphost**<br>pmcormack@siptu.ie |

| Reachtúil | |
|---|---|
| **Seoladh** | **Teagmháil** |
| **An tÚdarás Náisiúnta Míchumais**<br>25 Bóthar Chluaidh<br>Droichead na Dothra<br>Baile Átha Cliath 4 | **Teil** (01) 608 0456<br>**Ríomhphost** nda@nda.ie |
| **Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**<br>16-22 Sráid na Faiche<br>Baile Átha Cliath 7 | **Teil** (01) 8589601<br>**Ríomhphost** info@ihrec.ie |
| **Seoladh** | **Teagmháil** |
| **Chime**<br>35 Sráid Fhreidric Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1 | **Teil** (01) 817 5700<br>**Ríomhphost** info@chimear.ie |
| **AWARE**<br>9 Sráid Líosain Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 | **Teil** (01) 661 7211<br>**Ríomhphost** info@aware.ie |
| **An Chomhairle Náisiúnta do na Daill in Éirinn**<br>Bóthar Whitworth<br>Droim Conrach<br>Baile Átha Cliath 9 | **Teil** (01) 830 7033<br>**Ríomhphost** info@ncbi.ie |
| **Cuimsiú Éireann**<br>Cumann Náisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas Intleachta Aonad C2<br>The Steelworks Sráid Uí Fhoghlú<br>Baile Átha Cliah 1 | **Teil** (01) 855 9891<br>**Ríomhphost**<br>info@inclusionireland.ie |
| **Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann**<br>Áras Chúchulainn<br>Céide an Fhraoigh Dhuibh Cluain Tarbh<br>Baile Átha Cliath 3 | **Teil** (01) 818 6400<br>**Ríomhphost** info@iwa.ie |
| **Cumann Bodhar na hÉireann**<br>30 Sráid Bhaile Coimín<br>Baile Átha Cliath 7 | **Teil** (01)860 1878<br>**Ríomhphost**<br>info@irishdeafsociety.ie |

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council


**Seoladh**

Roinn Acmhainní Daonna
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8
D08 RF3F

Human Resources
Department
Civic Offices
Wood Quay
Dublin 8
DO8 RF3F

**Sonraí Teagmhála**

**Teileafón:** 01 222 3041 / 2
**R-phost:**
**human.resources@dublincity.ie**
**Suíomh Gréasáin www.dublincity.ie**


Déan teagmháil leis an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú má theastaíonn leagan den doiciméad seo uait i gcló mór, prionta ardchodarsnachta, Braille nó fuaim.